



Téarmaí agus Coinníollacha Díola

Tá faisnéis ar an leathanach seo faoi Ríomhthrachtáil Dhíreach SAM Teoranta, ag trádáil mar eShopWorld (“eShopWorld”, “ESW”, “muid/sinn”, “ár” agus/nó “linn/dúinn/againn”), agus faoi na téarmaí agus coinníollacha (na “Téarmaí”) faoina ndíolaimid táirgí leat trí bhíthin ár láithreán gréasáin (“ár láithreán”) i gcomhréir le halt 2.1 thíos (“Táirgí”).trínár suíomh idirlín (“**ár suíomh**”). Beidh feidhm ag na Téarmaí seo i leith conartha ar bith eadrainn i gcomhair díola Táirgí duit (“**Conradh**”). Roimh duit leas a bhaint as ár suíomh, léigh na Téarmaí seo go cúramach le do thoil agus bí cinnte go dtuigeann tú iad.

Nótáil le do thoil go n-iarrfar ort toiliú leis na Téarmaí seo roimh duit ordú a chur isteach nó íocaíocht a dhéanamh. Má dhiúltaíonn tú glacadh leis na Téarmaí seo, ní bheidh tú in ann Táirgí ar bith a ordú ónár suíomh ná íocaíochtaí ar bith a dhéanamh a bheidh bainteach leo.

Is ceart duit cóip de na Téarmaí seo a amharc, a léamh agus a phriontáil nó iad a shábháil isteach i do ríomhaire i gcomhair tagartha amach anseo. Féadaimid na Téarmaí seo a leasú ó am go ham mar a leagtar amach thíos. Uair ar bith gur mian leat Táirgí a ordú nó leas a bhaint as an suíomh againn, seiceáil na Téarmaí seo le do thoil chun a chinntiú go dtuigeann tú na Téarmaí a mbeidh feidhm acu ag an am sin.

Má tá aon neamhréiteach idir téarmaí an doiciméid seo agus an leagan Béarla aistriithe den doiciméad seo, beidh téarmaí an leagain Bhéarla, atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin, i réim.

I gcás go bhfuil forálacha speisialta sna Téarmaí nach bhfuil feidhm acu ach amháin maidir le tomhaltóirí i dtíortha áirithe, braitheann infheidhmeacht na bhforálacha faoi seach ar an áit a bhfuil gnáthchónaí ar an tomhaltóir. Ciallaíonn sin, mar shampla, i gcás fhorálacha atá beartaithe feidhm a bheith acu maidir le tomhaltóirí san Aontas Eorpach, nach bhfuil feidhm acu ach maidir le tomhaltóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu i mBallstát den Aontas Eorpach agus leo sin amháin.

1. EOLAS FÚINN

1.1 Is sinne U.S. Direct E-Commerce Teoranta ag trádáil mar eShopWorld, cuideachta arna ionchorprú in Éirinn dar uimhir chláráithe cuideachta 479237 agus a bhfuil a hoifig chláráithe ag Bloc Theas, Foirgneamh na Slí Dála, 110-115 Páirc Ghnó Airside, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, Éire.

1.2 Má tá tú ag ceannach Táirgí (seachas Táirgí pearsantaithe) tríd ár suíomh idirlín ó Shingeapór, beidh tú ag ceannach ónár n-eintiteas Singeapórach, U.S. Direct E-Commerce (Singeapór) PTE. Teoranta. Tá feidhm ag na Téarmaí seo i leith an chonartha arna dhéanamh idir thú agus U.S. Direct E-Commerce (Singeapór) PTE i gcomhair dhíol na dTáirgí sin leat. Beidh tagairtí ar bith insna Téarmaí seo do eShopWorld ina dtagairt do U.S. Direct E-Commerce (Singeapór) PTE. Teoranta.

1.3 Teagmháil linn



- 1.3.1 Más mian leat teagmháil a dhéanamh linn ar chúis ar bith, cúis ghearáin san áireamh, déan amhlaidh le do thoil trí ríomhphost a chur chugainn ag info@eshopworld.com.
- 1.3.2 Má bhíonn orainn teagmháil a dhéanamh leat nó fógra a thabhairt duit i scríbhinn, déanfaimid amhlaidh tríd an ríomhphost nó tríd an bpost chuig an seoladh a thabharfaidh tú dúinn san ordú agat.

2. MAR A CHRUTHAÍTEAR AN CONRADH IDIR SINNE AGUS TUSA

- 2.1 Déanaimid conarthaí le miondíoltóirí ar fud an domhain ar dá mbun arb é ESW an ceannaí breacacháin ceaptha, rud a chuireann ar ár gcumas marsantacht miondíoltóra a dhíol leat i do thír féin..
- 2.2 Trí ordú a chur isteach chugainn trínár suíomh, admhaíonn tú gur linne a dhéanfar an t-idirbheart agus ní leis an miondíoltóir ábhartha. Admhaíonn tú leis go gceannóimidne, tar éis dúinne údaracht agus leordhóthanacht an eolais a chuirfidh tú ar fáil a fhíorú go rathúil, an mharsanacht ón miondíoltóir ábhartha ansin chun í a athdhíol duitse ar na suimeanna a cuireadh i láthair agus a comhaontaíodh nuair a chuir tú an t-ordú faoi bhráid agus chun na críche sin amháin. Beimid freagrach as an t-ordú a chomhlíonadh duit.
- 2.3 Beidh treoir le fáil ar an suíomh maidir leis na céimeanna nach mór duit a chur uait chun an t-ordú a chur isteach chugainn agus chun íocaíocht a dhéanamh. De réir an phróisis ordaithe againn beidh seans agat earráidí ar bith a sheiceáil agus a leasú roimh duit an t-ordú a chur faoinár mbráid. Iarrtar ort am a ghlacadh chun an t-ordú a léamh agus a sheiceáil ag gach leathanach den phróiseas ordaithe.
- 2.4 Tar éis duit ordú a dhéanamh, gheobhaidh tú ríomhphost uainn ina n-admhófar go bhfuairamar an t-ordú uait. Ní dhéanfar an Conradh eadrainn go dtí go bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe ordaithe.
- 2.5 Cuirfimid ríomhphost chugat lena ndeimhneofar go bhfuil na Táirgí seolta ("**Deimhniú Seolta**").
- 2.6 Más rud é nach mbímid in ann Táirge a chur ar fáil duit, ar an gcúis nach bhfuil an Táirge sin i stoc mar shampla nó nach bhfuil sé ar fáil a thuilleadh nó de bharr earráide sa phraghas ar ár suíomh nó ar shuíomh an mhiondíoltóra ábhartha, cuirfimid an méid sin in iúl duit tríd an ríomhphost agus ní phróiseálfaimid an t-ordú. Má bhíonn íoctha agat as na Táirgí cheana féin, déanfaimid an tsuim iomlán a aisíoc leat, aon chostais sheachadta a gearradh san áireamh, a luaithe is féidir agus ní thabhoimid aon dliteanas eile duit.
- 2.7 Admhaíonn tú go mbeidh cead againn údaracht agus leordhóthanacht an eolais a chuirfidh tú ar fáil a fhíorú agus, sa chás nach mbeimid in ann an t-eolas a fhíorú go huathoibríoch, go mbeidh cead ag ár n-ionadaithe dul i



dteagmháil leat agus/nó leis do chárta dochair nó creidmheasa agat chun a dheimhniú cé tú féin agus/nó go bhfuil rún agat an t-ordú a chur isteach chugainn.

- 2.8 Nótáil le do thoil go bhfuil aon Táirgí a chuirtear ar fáil trínár suíomh ceaptha le húsáid neamhthrachtála, agus go bhfuil cosc daingean ar cheannach aon Táirgí chun críche iad a athdhíol.
- 2.9 Nuair a chuireann tú ordú isteach nó nuair a dhéanann tú íocaíocht trínár suíomh, barántaíonn tú go bhfuil ar do chumas iontráil go dlíthiúil ar chonarthaí ceangailteacha. Muirearóimid an cárta creidmheasa/dochair nó modh íocaíochta eile agat agus beidh an tuairisc "eShopWorld", "eSW", nó a leithéid taobh leis na táillí ar do ráiteas cuntais. Barántaíonn tú gur eolas ceart an t-eolas ar fad atá curtha ar fáil dúinn chun críche na híocaíochtaí a phróiseáil agus go bhfuil údarás agat leas a bhaint as an modh íocaíochta atá arna thairiscint. Admhaíonn tú go mbeidh cead againn údaracht agus leordhóthanacht an eolais íocaíochta a chuirfidh tú ar fáil a fhíorú. Coimeádann ESW an ceart chun d'ordú a chealú am ar bith, i gcás nach bhfuilimid in ann an fhaisnéis a sholáthraíonn tú, nó an modh íocaíochta a roghnaíonn tú, a fhíorú. I gcás go gcealaíonn ESW ordú, déanfaimid an méid iomlán a d'íoc tú a aisíoc leat.
- 2.10 Admhaíonn tú go ndéanfaimid scagadh réamhíocaíochta ort agus ar an eolas a bheidh curtha ar fáil agat. Tá na seiceálacha seo ceaptha chun eShopWorld a chosc ó ghnó a dhéanamh le haon duine, nó eintiteas nó tír a bheidh faoi smachtbhanna, de shárú ar dhlíthe agus riachtanais rialála infheidhme ar bith sna críocha ina n-oibrímid (ag cur san áireamh gach dlí agus rialachán custaim agus rialúchán easpórtála agus iompórtála arna riar ag Rialtas SAM ach gan a bheith teoranta dóibh sin (ag cur san áireamh na Rialacháin Riartha Easpórtála faoi Roinn Tráchtála SAM ach gan a bheith teoranta dóibh sin), ag an Aontas Eorpach agus ag aon dlínse infheidhme eile).
- 2.11 Cuirimid ar fáil mar sheirbhís duit na cánacha agus na dleachtanna cuí a chinneadh atá lena gcur i bhfeidhm ar iompórtáil an Táirge agat, agus na cánacha agus na dleachtanna sin a bhailiú agus a thuairisciú agus, de réir mar is infheidhme, a chur chuig an údarás cánach cuí thar do cheannsa. I gcomhair easpórtálacha isteach san Aontas Eorpach agus sa Ríocht Aontaithe, áirítear na cánacha agus na dleachtanna iarmhartacha san íocaíocht agat, íocann eShopWorld iad agus ní bhíonn aon chostais bhreise ann. Trí ghlacadh leis na Téarmaí, údaraíonn tú eShopWorld chun glacadh le haon éilimh bhreise maidir le tobhaigh (measúnú breise) ó na húdaráis custaim a bhaineann. I gcás earraí neamhEorpacha áirithe a iompórtáiltear, beidh tú freagrach as cánacha agus dleachtanna a chur chuig an údarás cánach cuí. Is de réir conartha lastais a cheannaítear gach Táirge a cheannaítear uainne. Aistreofar an teideal do na Táirgí ón mhiondíoltóir cuí go dtí eShopWorld tar éis do na Táirgí bheith easpórtáilte. Aistrítear an teideal ó eShopWorld chugatsa ina dhiaidh sin roimh don Táirge bheith easpórtáilte agus tusa a bheidh mar an t-iompórtálaí taifid (ach amháin i gcás seachadta go dtí an Eilbhéis, áit a



mbeidh eShopWorld mar an t-iompórtálaí taifid). Aistrítear an riosca caillteanais sa Táirge chugat nuair a sheachadtar an Táirge go dtí thú.

- 2.12 Nuair a chuireann tú ordú isteach ar Tháirgí chugainne, tugann tú údarás leis sin do bhróicéir custaim ceadúnaithe arna roghnú againne gníomhú mar do ghníomhaire agus gnó a dhéanamh le húdaráis eachtrannacha ioncaim chun do Tháirgí a imréiteach, cuntas a thabhairt maidir le cánacha agus custaim thar do cheann, Más infheidhme, do Tháirgí a chasadh ar ais agus, más infheidhme, éilimh ar aisíoc a ullmhú agus a chur faoi bhráid thar do cheann i leith marsanachta ar bith a chasann tú ar ais. Nótáil le do thoil go n-eisiann an rannán seo 2.12 custaiméirí i gCeanada; is ceart do chustaiméirí i gCeanada tagairt do rannán 6.10.
- 2.13 Luafar praghas an ordaithe agat, cánacha san áireamh nó as an áireamh, ag brath ar an seoladh seachadta: (a) Luafar Táirgí a sheachadfar laistigh de Ceanada, cáin díolachán as an áireamh; agus (b) Luafar Táirgí a sheachadfar laistigh den Eoraip cáin bhreisluacha san áireamh. Ní áirítear costais seolta sa phraghas; cuirfear iad seo san áireamh ag an tseiceáil amach agus cuirfear in iúl iad mar mhuirear ar leith ar an bhfoirm ordaithe agat (ach amháin sna tosca ina dtairgfear seoladh saor in aisce).
- 2.14 Maidir le tomhaltóirí san Astráil, trí ordú a chur linn trínár suíomh, admhaíonn tú go bhfuil tú i mbun idirbheart idirnáisiúnta linn agus ní leis an miondíoltóir faoi seach. Ina theannta sin, admhaíonn tú go bhféadfadh roinnt banc táille idirbhirt idirnáisiúnta a ghearradh de réir a gcuid beartas. Ní ghearrann muid an táille ná an rialú seo nuair a ghearrfaidh do bhanc é.

3. TÉARMAÍ ÚSÁIDE AN TSUÍMH AGAINN

- 3.1 Léigh na Téarmaí Úsáide seo go cúramach le do thoil roimh duit leas a bhaint as an suíomh idirlín seo. Trí leas a bhaint as an suíomh againn, tugann tú le tuiscint go nglacann tú leis na Téarmaí Úsáide seo agus go dtoilíonn tú géilleadh dóibh. Más rud é nach dtoilíonn tú leis na Téarmaí Úsáide seo, iarrtar ort éirí as leas a bhaint as an suíomh seo láithreach.
- 3.2 Ní ráthaímid go mbeidh ár suíomh ná inneachar ar bith atá ann ar fáil i gcónaí ná go mbeidh siad ar fáil gan bhriseadh. Ceadáítear rochtain ar ár suíomh ar bhonn sealadach, agus forchoimeáidimid ceart chun an suíomh ar fad nó cuid ar bith de a tharraingt siar, a scor nó a athrú gan fógra. Ní bheimid faoi dhliteanas duit má tharlaíonn sé ar chúis ar bith go mbeidh ár suíomhanna ar fad nó suíomh ar bith díobh gan a bheith ar fáil ag am ar bith nó ar feadh tréimhse ar bith.
- 3.3 Fútsa atá sé na socruithe riachtanacha ar fad a dhéanamh chun go mbeidh rochtain agat ar ár suíomh. Fútsa atá sé chomh maith a chinntiú go mbíonn an uile dhuine a dhéanann rochtain ar ár suíomh tríd an nasc idirlín agatsa ar an eolas faoi na Téarmaí seo, agus go ngéilleann siad dóibh.



- 3.4 Féadaimid na Téarmaí seo a leasú am ar bith tríd an leathanach seo a leasú. Seiceáil an leathanach seo ó am go ham le do thoil chun athruithe ar bith atá déanta againn a thabhairt faoi deara, mar go bhfuil siad ina gceangal ort.
- 3.5 **Nóta do Thomhaltóirí sa Ghearmáin.** Ní bheidh feidhm ag Alt 3.4 ach amháin sa mhéid nach bhfágann aon athruithe faoi mhíbhuntáiste míréasúnta tú. I gcás go ndéantar athruithe, cuirfimid ar an eolas tú laistigh de thréimhse ama réasúnta agus cuirfimid do chearta in iúl duit. Tá an rogha agat do chuntas custaiméara a dhúnadh am ar bith. Ní bheidh tionchar ag Leasuithe ar na Téarmaí seo ar an “Nóta do Thomhaltóirí sa Ghearmáin” seo.
- 3.6 Féadfaimid ár láithreán a nuashonrú ó am go ham agus féadfaimid an t-inneachar a athrú am ar bith. Beidh feidhm mutatis mutandis ag na forálacha speisialta do thomhaltóirí sa Ghearmáin faoi alt 3.5.
- 3.7 Rochtain theoranta atá ar réimsí áirithe dár suíomh. Forchoimeáidimid an ceart chun teorainn a chur le rochtain ar réimsí eile dár suíomh, nó go deimhin ar an suíomh ar fad, de réir mar is rogha linn.
- 3.8 Tá úsáid ár láithreán ag mionaoisigh (duine faoi 18 mbliana d'aois) faoi réir ag toiliú a dtuismitheora nó a gcaomhnóra agus is leis an tuismitheoir nó caomhnóir, atá freagrach as comhlíontacht an mhionaoisigh, a dhéantar an Conradh. Cuirtear in iúl do thuismitheoirí nó caomhnóirí a thugann cead do mhionaoisigh úsáid a bhaint as an láithreán gur thábhachtach go labhródh siad le mionaoisigh faoina sábháilteacht ar líne, de bharr nach dtugtar rátháíocht faoi mhodhnú ná grinnfhiosrú ar fhógraí agus nach mbíonn siad gan locht. Ba cheart a chur in iúl do mhionaoisigh na rioscaí dóibh a d'fhéadfadh eascairt as úsáid a bhaint as seirbhís idirghníomhach ar bith.
- 3.9 Ná bain leas as ár suíomh i mbealach ar bith a bhíonn ina chúis, nó a fhéadfadh bheith ina chúis, le damáiste don suíomh nó lagú ar infhaighteacht nó inrochtaineacht an tsuímh; nó i mbealach ar bith atá neamhdhleathach, mídhleathach, calaoiseach nó díobhálach, ná ar mhaithe le críoch nó gníomhaíocht ar bith atá neamhdhleathach, mídhleathach, calaoiseach nó díobhálach. Áirítear leo seo, gan a bheith teoranta dóibh, leas a bhaint as ár suíomh chun ábhar ar bith a chóipeáil, a stóráil, a óstáil, a sheoladh ar aghaidh, a sheoladh, a úsáid, a fhoilsiú nó a scaipeadh; rochtain gan údarás a fháil ar ár suíomh; sonraí a bhailiú ónár suíomh; cumarsáidí tráchtála gan iarraidh a sheoladh tríd ár suíomh; agus/nó beart ar bith, gan teorainn, a dhéanamh nach mbeadh de réir chríoch an tsuímh seo: orduithe ó thomhaltóirí a thabhairt isteach agus a chomhlíonadh.
- 3.10 Nuair is gá, tuairisceoidimid aon sárú ar na Téarmaí seo do na húdaráis forfheidhmithe dlí ábhartha agus i gcás agus a mhéid a cheadaítear é faoin dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí, comhoibreoimid leis na



húdaráis sin trí bhíthin do chéannacht agus/nó d'fhaisnéis phearsanta a nochtadh dóibh. I gcás sárú den sórt sin, scorfar láithreach de do cheart chun ár láithreán a úsáid.

- 3.11 Forchoimeáidimid gach ceart, teideal agus leas inár gcearta maoine intleachtúla agus i gcearta maoine intleachtúla ár gcleamhnaithe, ar a n-áirítear, gan a bheith teoranta dóibh sin, aon phaitinní, trádmharcanna, marcanna seirbhíse, cóipcheart, cearta bunachair sonraí, cearta deartha, fios gnó, eolas rúnda agus aon chearta cosanta eile dá leithéid sin i dtír ar bith.

4. AN MÉID A ÚDARAÍONN TÚ DÚINN A DHÉANAMH

- 4.1 Trí leas a bhaint as ár suíomh, údaraíonn tú dúinn íocaíochtaí, aisíocaíochtaí agus coigeartuithe a phróiseáil do d'idirbhearta, cistí a chur ar ais chuig do chuntas bainc áit is infheidhme, do chárta creidmheasa a mhuirearú nó cuir de dhochar an cuntas atá nasctha le do chárta dochair, de réir mar is infheidhme agus suimeanna ar bith atá dlite agat a íoc linne agus lenár gcleamhnaithe de réir na dTearmaí seo.

- 4.2 Ní mór duit eolas fíor, cruinn a chur ar fáil dúinn nuair atá tú ag clárú agus ní mór duit an t-eolas seo a chothabháil agus a nuashonrú de réir mar is infheidhme. Féadaimid ag am ar bith éileamh ort eolas airgeadais, gnó nó pearsanta ar bith a iarraimid a chur ar fáil chun d'aitheantas a fhíorú. Ní phearsanóidh tú duine ar bith ná ní bhainfidh tú leas as ainm nach bhfuil tú údaraithe lena úsáid de réir dlí. Údaraíonn tú dúinn an t-eolas a fhíorú (eolas nuashonraithe san áireamh) agus an t-údarú tosaigh creidmheasa a fháil ón eisitheoir cárta creidmheasa agat.

5. SEOLADH AGUS SEACHADADH

- 5.1 Beidh eolas seachadta agat sa Dheimhniú Seachadta agat lena mbeidh tú in ann seachadadh do Tháirgí a rianú. Corruair is féidir go rachaidh Imeacht nach raibh Neart Againn Air i gcion ar an seachadadh chugat. Feic alt 10 chun ár bhfreagrachtaí sa chás sin a fháil amach.
- 5.2 Más rud é nach mbíonn aon duine sa mbaile ag an seoladh chun an seachadadh a ghlacadh, féadann an t-iompróir fógra maidir le hiarraidh ar sheachadadh a fhágáil chun cur in iúl go bhfuil an mharsanacht casta ar ais chuig an iosta áitiúil. Má tharlaíonn sé seo, déan teagmháil le do thoil leis an iompróir ag an uimhir atá liostaithe ar an bhfógra maidir le hiarraidh ar sheachadadh. Má bhíonn fadhbanna ar bith eile agat, déan teagmháil le do thoil le eShopWorld ag info@eshopworld.com.
- 5.3 Beidh seachadadh ordaithe curtha i gcrích nuair a sheachadfaimid ár dTáirgí go dtí an seoladh a thug tú dúinn, nó nuair a bhaileoidh tú Táirgí dá leithéid uainn.
- 5.4 Ó am go ham, d'fhéadfadh cuid d'ordú a bheith as stoc nó neamhchomhlíonta ag an miondíoltóir i gceist. Mura gcomhaontaítear a mhalairt



sna Téarmaí seo (go háirithe faoi alt 10), nílimid freagrach as moilleanna ar d'ordú de bharr orduithe neamh-chomhlíonta nó moilleanna arb é an miondíoltóir is cúis leo, agus ní sheolfar do Tháirgí go dtí go mbainfidh na Táirgí ár stóras amach.

- 5.5 Seachadtar Táirgí chugat bunaithe ar an eolas a chuireann tú ar fáil dúinn agus fútsa atá sé bheith cruinn faoin eolas sin. Má sháraítear rialacháin ar bith (rialacháin easpórtála/iompórtála san áireamh gan a bheith teoranta dóibh sin) de bharr eolais mhíchruinn arna chur ar fáil agatsa is tusa atá freagrach as sárú dá leithéid ansin.
- 5.6 Féadann ár n-iompróir dul i dteagmháil leat chun seachadtaí a shocrú, mionsonraí faoin seachadadh a dheimhniú agus seachadtaí a athshocrú (áit is infheidhme) ó am go ham.
- 5.7 Má tá airgead tirim roghnaithe agat mar an bealach céadroghnaithe seachadta agus íocaíochta agat (sa chás ina mbíonn rogha mar sin ar fail):
 - 5.7.1 tá discríd againn bealaí áirithe íocaíochta a dhiúltú;
 - 5.7.2 ní ghlacaimid le híocaíochtaí ach san airgeadra áitiúil; agus/nó
 - 5.7.3 má tharlaíonn sé nach nglacann tú leis an Ordú nó nach ndéanann tú láníocaíocht ag an am seachadta, forchoimeáidimid an ceart chun seachaid na dTáirgí a dhiúltú.

6. AISCHUIR

Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le halt 8 thíos, beidh feidhm ag an méid a leanas i ndáil le haischuir chaighdeánacha. Féach thíos le haghaidh tuilleadh eolais maidir le Marsantacht Lochtach agus do Ceart chun Tarraingt Siar:

- 6.1 Tabharfar mionsonraí faoin gcaoi a bhféadfaidh tú d'ordú a chealú nó do Tháirgí a aischur (i gcás inarb incheadaithe sin), lena n-áirítear an seoladh nach mór na Táirgí a aischur chuige, sna CCanna (Ceisteanna Coitianta), ar an leathanach seiceáil amach, sa ríomhphost a dheimhneoidh d'ordú agus/nó i do Dheimhniú ar Sheoladh trí bhíthin an nasc chuig an tairseach um aischur, (an "Tairseach um Aischur Marsantachta").
- 6.2 Ná seoltar aischuir chuig seoladh ar bith seachas an seoladh a luaitear ar an "Tairseach Aischuir Marsanachta". Cuirfear ar fáil na sonraí seo in éineacht leis an bpacáiste seachadta a mbeidh an t-ordú istigh ann nó sa ríomhphost Deimhnithe Seolta (a mbeidh nasc ann leis an "Tairseach Aischuir Marsanachta").
- 6.3 Ní mór do Tháirgí a aischuirfear bheith i staid nua agus na lipéid nasctha leo agus ní mór an admháil bhunaidh nó an sonrasc bheith in éineacht leo. Seoltar gach Táirge aischurtha ar do phriacal féin. Má bhíonn lipéad



aischurtha faighte agat, ní mór duit úsáid a bhaint as an lipéad aischurtha a cuireadh ar fáil duit tríd an “Tairseach Aischuir Marsanachta”.

- 6.4 Tá gach aisíocaíocht faoi réir ag iniúchadh agus fíorú laistigh dár n-ionaid aischurtha. I gcás nach mbeidh na Táirgí aischurtha go hiomlán ath-indíolta, bíodh sin de bharr damáiste don táirge nó don phacáistiú, coimeádaimid an ceart chun aisíocaíocht a dhiúltú, i bpáirt nó go hiomlán.
- 6.5 Ní dhéanfaimid aisíocaíocht leat ach amháin sa chás go mbeidh sonraí na dTáirgí aischurtha curtha ar fáil laistigh den Tairseach Aischuir Marsanachta.
- 6.6 Déanfaimid aisíocaíocht leat de réir an chárta creidmheasa/dochair nó de réir modha íocaíochta ar bith eile a chuir tú ar fáil nuair a cuireadh isteach an t-ordú ar dtús. Próiseálfar an aisíocaíocht a luaithe is féidir ach laistigh de cheithre lá oibre dhéag (14 lá oibre) ó fuarthas an Táirge i mbail iomlán athindíolta sa lárionad earraí ar ais.
- 6.7 Féadfar asbhaintí a thógáil as aisíocaíochtaí áit a gcuirtear Táirgí dá leithéid ar ais i mbail neamhinghlactha.
- 6.8 Admhaímid nach mbeidh Táirgí ar bith a cuireadh ar ais ar an mbonn go raibh siad lochtach faoi réir ag an rannán seo agus ní rachaidh forálacha ar bith laistigh de na Téarmaí seo i gcion ar do chearta reachtúla mar thomhaltóir. Rialófar cur ar ais Táirgí lochtacha ag an Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 i ngach cás.
- 6.9 D’fhéadfadh nach mbeadh earraí áirithe oiriúnach le cur ar ais. Sa chás nach bhfuil Táirge oiriúnach le.

Maidir le Tomhaltóirí i gCeanada.

- 6.10 Aontaíonn tomhaltóirí i gCeanada mar seo a leanas: Siopadóirí Ceanada amháin: Rannpháirtí faofa i CREDITS le Gníomhaireacht Sheirbhísí Teorann Ceanada (CBSA) is ea U.S. Direct E-Commerce Limited (dba eShopWorld). Trí earraí a ordú ó U.S. Direct E-Commerce Limited (dba eShopWorld), údaraím leis seo Livingston International, bróicéir faofa custaim i CREDITS, chun gníomhú mar mo ghníomhaire, agus chun gnó a dhéanamh leis an CBSA chun cead scaoilte a fháil i leith mo mharsanachta, chun cuntas a thabhairt ar dhleachta agus ar chánacha, chun marsanacht a aischur go U.S. Direct E-Commerce Limited (dba eShopWorld), agus chun éilimh ar aisíocaíochtaí a chur faoi bhráid go leictreonach thar mo cheann. Faoin gclár CREDITS, tuigim go seolfaidh CBSA aisíocaíochtaí ar bith i leith dleachta agus cánacha a íocadh ar an marsanacht aischurtha chuig an mbróicéir custaim, agus go bhfaighidh mise an aisíocaíocht go díreach ó U.S. Direct E-Commerce Limited (dba eShopWorld). Ina theannta sin, údaraím Livingston International chomh maith chun aisíocaíocht ar bith arna eisiúint ag CBSA i m’ainmse a chur ar aghaidh, sa chaoi go bhféadfar aisíocaíocht a dhéanamh le U.S. Direct E-Commerce Limited (dba eShopWorld).



7. MARSANTACHT LOCHTACH

- 7.1 Táimid faoi dhualgas dlíthiúil marsantacht atá i gcomhréir leis an gConradh seo a sholáthar. Más mian leat marsantacht atá lochtach nó nach bhfuil i gcomhréir leis an gConradh a aischur, féadfaidh tú ríomhphost a sheoladh chugainn.
- 7.2 Má roghnaíonn tú marsantacht atá lochtach nó nach bhfuil i gcomhréir leis an gConradh a aischur, beidh orainn a dheimhniú ar dtús go bhfuil sí lochtach, damáistithe nó nach bhfuil sí ag teacht leis an gcur síos ar ár láithreán gréasáin. Ar sin a dheimhniú, aisíocfaimid leat costas na marsantachta agus na bunmhuirir seachadta agus láimhseála a d'íoc tú. I gcás go gcinneimid nach bhfuil an mharsantacht lochtach, ní bheidh tú i dteideal aisíocaíochta agus cuirfimid an mharsantacht ar ais chugat ar do chostas féin. Féach an chuid "Aischuir" thuas chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bhféadfaidh tú d'aischur a chur i gcrích.
- 7.3 De ghnáth cuirimid an aisíocaíocht do shochar na foirme íocaíochta a d'úsáid tú chun íoc as an marsantacht laistigh de thuairim is ceithre lá dhéag (14) ón dáta a fhaighimid an mharsantacht. D'fhéadfadh níos mó ama a bheith i gceist sula bhfeicfidh tú an aisíocaíocht ar ráiteas do chárta íocaíochta.

8. CEART CHUN TARRAINGT SIAR (TOMHALTÓIRÍ SAN AONTAS EORPACH)

- 8.1 Faoi réir ag alt 8.2 thíos, féadfaidh tú d'ordú a chealú, ar chúis ar bith, gan pionós, laistigh de thréimhse chomh fada le ceithre lá dhéag (14) ón dáta a bhfuarthas an t-ordú.
- 8.2 Beidh feidhm ag do cheart chun curtha ar ceal sna tosca ina mbeidh oibleagáid dhlíthiúil orainn a leithéid de cheart a chur ar fáil duit sa dlínse ábhartha agus sna tosca sin amháin. Níl feidhm ag an gceart chun Táirgí a chur ar ais (nó a mhalartú) faoin rannán seo i leith Táirgí (i) a rinneadh de réir do shonraíochta; nó (ii) atá tar éis bheith pearsantaithe; nó (iii) nach féidir a chur ar ais mar gheall ar a nádúr nó gur dócha go rachaidh siad i léig nó go rachaidh siad in éag go tapa; nó (iv) áit ar soláthraíodh Táirgí faoi shéala nach bhfuil oiriúnach lena gcur ar ais mar gheall ar chúiseanna cosanta sláinte nó sláinteachais, má chailltear an séala uathu tar éis a seachadadh.
- 8.3 **Beartas um Tharraingt Siar**

Nóta do Thomhaltóirí sa Ghearmáin: I gcás go mbeidh an t-aistriúchán Gearmáinise agus an t-aistriúchán Béarla ar alt 8.3 ag teacht salach ar a chéile, beidh tosaíocht ag an leagan Gearmáinise do thomhaltóirí sa Ghearmáin.



An ceart chun tarraingt siar

Tá an ceart agat an Conradh seo a tharraingt siar laistigh de cheithre lá dhéag gan aon chúis a thabhairt.

Is éard atá sa tréimhse um tharraingt siar, ceithre lá dhéag ón dáta ar ghlac tú féin, nó tríú páirtí a d'ainmnigh tú agus nach é an t-iompróir é, seilbh ar na hearraí.

Chun do cheart um tharraingt siar a fheidhmiú, ní mór duit sinn (eShopWorld f/c Ríomhthráchtáil Dhíreach SAM Teoranta, 3ú Urlár, Foirgneamh Concourse, 100-115 Páirc Gnó Thaobh an Aerfoirt, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, K67 NY94 Éire, ríomhphost info@eshopworld.com) a chur ar eolas faoi do chinneadh tarraingt siar ón gconradh seo. Chun na críche sin, féadfaidh tú an tsamhail d'fhoirm um tharraingt siar atá ag gabháil leis seo a úsáid, ach ní éigeantach í. Féadfaidh tú an tsamhail d'fhoirm um tharraingt siar a chomhlánú agus a chur ar ais go leictreonach freisin, nó ráiteas soiléir eile ar ár láithreán gréasáin (beidh nasc chuig an bhFoirm Chealaithe agus Aischurtha Marsantachta sa ríomhphost a dheimhníonn d'ordú agus/nó sa ríomhphost a dheimhníonn gur seoladh d'earraí]. I gcás go n-úsáideann tú an rogha seo, seolfaimid deimhniú go bhfuarthas cúlghairm den sórt sin gan mhoill (e.g. ar ríomhphost).

D'fhonn an tréimhse um tharraingt siar a chomhlíonadh, is leor duit an fógra faoin gceart um tharraingt siar a fheidhmiú a sheoladh sula dtéann an tréimhse um tharraingt siar in éag.

Iarmhairtí a bhaineann le tarraingt siar

I gcás gur tharraing tú siar ón gConradh seo, aisíocfaimid leat gach íocaíocht a fuairamar uait, lena n-áirítear costais seachadta (ach amháin costais bhreise sa chás gur roghnaigh tú modh seachadta seachas an gnáth-sheachadadh is fabhraí a chuirimid ar fáil), gan mhoill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná ceithre lá dhéag ón lá a fuairamar fógra go raibh an Conradh seo á chúlghairm agat. Maidir leis an aisíocaíocht sin, úsáidfimid an modh íocaíochta céanna a d'úsáid tú san idirbheart bunaidh, ach amháin i gcás ina gcomhaontaítear a mhalairt go sainráite leat; ní ghearrfar táillí ar bith ort mar gheall ar an aisíocaíocht sin, i gcás ar bith.

Féadfaimid diúltú aisíocaíocht a dhéanamh leat go dtí go mbeidh na hearraí faighte ar ais againn nó go dtí go mbeidh cruthúnas go bhfuil na hearraí curtha ar ais agat curtha ar fáil dúinn, pé acu is luaithe.

Ní mór duit na hearraí a aiscur nó a thabhairt ar lámh láithreach agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná ceithre lá dhéag ón lá a dtugann tú fógra



dúinn go bhfuil an Conradh seo á chúlghairm agat. Comhlíontar an spriocdháta i gcás go seolann tú na hearraí sula dtéann an tréimhse ceithre lá dhéag in éag.

Tú féin a iompróidh costais dhíreacha na hearraí a aiscur, ach amháin i gcás go bhfuair tú lipéad ainmnithe nó réamhíoctha de chuid eShopWorld.

Ní gá duit íoc as aon chailteanas i luach na n-earraí ach amháin i gcás gur tharla an cailteanas i luach mar thoradh ar láimhseáil na n-earraí nach gá a dhéanamh chun cáilíocht, saintréithe agus feidhmiúlacht na n-earraí a thástáil.

8.4 Samhail d'Fhoirm um Tharraingt Siar

Más mian leat an Conradh a tharraingt siar, comhlánaigh an foirm seo agus cuir ar ais í, le thoil.

-Chuig eShopWorld f/c Ríomhthráchtáil Dhíreach SAM Teoranta, 3ú Urlár, Foirgneamh Concourse, 100-115 Páirc Gnó Thaobh an Aerfoirt, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath, K67 NY94 Éire, ríomhphost info@eshopworld.com.

-Tugaim/Tugaimid (*) fógra leis seo go gcealaím/gcealaímid (*) mo chonradh/ár gconradh (*) díolacháin maidir leis na hearraí a leanas (*).

- Ordaithe an (*)/faighte an (*).

- Ainm an tomhaltóra/na dtomhaltóirí.

-Seoladh an tomhaltóra/na dtomhaltóirí.

- Síniú an tomhaltóra/na dtomhaltóirí (sa chás go gcuirtear an foirm seo isteach ar pháipéar agus sa chás sin amháin):

- Dáta

(*) Scrios mar is infheidhme.

9. BARÁNTAÍ TÁIRGE AGUS AN DLITEANAS FAOINA BHFULIMID

Faoi réir ag forálacha claonta faoi ailt 9.7 agus 9.8 maidir le Tomhaltóirí sa Ghearmáin (nach mbeidh feidhm ina leith ach ag na forálacha sna hait sin 9.7 agus 9.8 agus acu sin amháin), beidh feidhm ag an méid a leanas i ndáil le barántais táirgí agus lenár ndliteanas:

- 9.1 Is ceart fadhbanna ar bith a bhaineann leis an mbaránta i leith Táirge a chur in iúl d'fhoireann tacaíochta custaiméirí an mhiondíoltóra ábhartha. Insna tosca seo, cuirfimid aisíocaíocht ar fáil nó malartóimid an Táirge de réir mar is cuí agus ar ordú an mhiondíoltóra amháin.
- 9.2 Is é an miondíoltóir a chuireann ar fáil dúinn gach tuairisc ar tháirge agus sonraíocht táirge. Ní bharántaímid cruinneas, iontaofacht ná iomláine tuairisce nó sonraíochta dá leithéid. Ní thugaimid barántaí, ráthaíochtaí ná cúnaint de chineál ar bith maidir le hoiriúnacht, cáilíocht, sábháilteacht, nó cumas úsáide, nó cumas deisithe nó seirbhísithe, táirge ar bith a bheidh ceannaithe agat. Sa mhéid a cheadaítear de réir an dlí, séanaimid gach baránta follasach nó intuigthe, maidir le hoiriúnacht, cáilíocht, nó sábháilteacht an táirge, agus áirítear orthu sin gan a bheith teoranta dóibh sin barántaí intuigthe indíoltachta agus oiriúnachta chun críche áirithe. Sa mhéid a cheadaítear de réir an dlí, ní bheimid faoi aon dliteanas (bíodh sé sin i gconradh, tort (agus áirítear air sin gan a bheith teoranta dó sin, faillí), nó faoi aon téarma reachtúil intuigthe) maidir le damáistí de chineál ar bith agus áirítear orthu sin gan a bheith teoranta dóibh sin damáistí díreacha, indíreacha, teagmhasacha, pionósacha, speisialta agus iarmhartacha (agus áirítear orthu sin gan a bheith teoranta dóibh sin cailliúint brabús, cailliúint ioncaim nó cailliúint sonraí) ag éirí as nó mar gheall ar tháirgí ar bith a ceannaíodh nó a fuarthas, is cuma ar cuireadh in iúl dúinn féidearthacht damáiste dá leithéid nó nár cuireadh. Táimid faoi uasdliteanas duit de shuim is ionann leis an tsuim a muirearaíodh ar do chárta creidmheasa nó ar mhodh eile íocaíochta. Ainneoin ní ar bith eile atá san áireamh sna téarmaí seo, ní shéanann ceachtar de na páirtithe aon dliteanas maidir le bás nó gortú pearsanta sa mhéid a éiríonn sé de bharr fhaillí an pháirtí sin, a fhostaithe, a ghníomhairí nó a ionadaithe údaráithe, agus sa mhéid sin amháin.
- 9.3 Sa mhéid a cheadaítear de réir an dlí, séanaimid gach coinníoll, baránta, ráiteas nó téarma eile a fhéadann feidhm a bheith acu i leith ár suímh nó inneachair ar bith atá ann, bíodh sin follasach nó intuigthe.
- 9.4 Ní bheimid faoi dliteanas d'aon úsáideoir i leith aon chailiteanas nó damáiste arna eascairt as nó i dtaca le:
 - 9.4.1 úsáid ár tsuímh, nó neamhábaltacht chun a úsáide; nó
 - 9.4.2 úsáid inneachair ar bith a léirítear ar ár suíomh nó iontaoibh as.



- 9.5 Ní bheimid faoi dhliteanas mar gheall ar aon chailliúint nó damáiste de bharr víris, ionsaí scaipthe séanta seirbhíse, nó ábhair eile atá díobhálach go teicneolaíoch a fhéadfadh an trealamh ríomhaire, cláir ríomhaire, sonraí nó ábhar eile dílseanaigh agat a ionfhabhtú mar gheall ar gur bhain tú leas as ár suíomh nó gur íoslódáil tú inneachar ar bith a bhí air, nó ar shuíomh idirlín ar bith a bhí nasctha leis.
- 9.6 Ní ghlacaimid le freagracht ar bith as inneachar suíomhanna idirlín a bhfuil naisc leo ar ár suíomhanna. Ní ceart an chiall a bhaint as na naisc sin go bhfuilimid ag tacú leis na suíomhanna idirlín sin a bhfuil naisc leo. Ní bheimid faoi dhliteanas mar gheall ar aon chailliúint nó damáiste a fhéadann éirí mar gheall ar gur bhain tú leas astu.

Maidir le Tomhaltóirí sa Ghearmáin

- 9.7 Beag beann ar fhorálacha claonta in alt 9 seo, ní bheidh srianadh ar chearta reachtúla thomhaltóirí sa Ghearmáin i ndáil le barántaí agus earraí lochtacha agus dá bharr sin, féadfaidh siad na cearta sin a dhearbhu laistigh de raon feidhme an raoin feidhme atá le deonú againn a bheidh éigeantach ó thaobh dlí.
- 9.8 Beag beann ar fhorálacha claonta in alt 9 seo, beidh feidhm ag an méid a leanas i ndáil le forálacha a bhaineann le dliteanas agus teorainneacha (maidir le dóigh agus méid) maidir le Tomhaltóirí sa Ghearmáin:
- 9.8.1 Beimid faoi dhliteanas gan teorainn a mhéid a bhunófar cúis an damáiste ar shárú dualgais a ndearnadh d'aonghnó nó trí mhórfhaillí ag eShopWorld nó ag ionadaí dlíthiúil nó gníomhaire ionadach de chuid eShopWorld.
- 9.8.2 Sa bhreis air sin, táimid faoi dhliteanas an tsáraithe ar oibleagáidí ábhartha ar faillí éadrom é. Is éard atá in oibleagáidí ábhartha, oibleagáidí a ndéanann sárú orthu baint amach chuspóir an chonartha a chur i gcontúirt, nó arb é a gcomhlíonadh a fhágann gur féidir an conradh a fheidhmiú i gceart ar an gcéad dul síos agus a mbraitheann tú ar a gcomhlíonadh go rialta. Sa chás seo, áfach, ní bheidh eShopWorld faoi dhliteanas ach i leith an damáiste intuartha atá tipiciúil don chineál seo conartha. Ní bheidh eShopWorld faoi dhliteanas an tsáraithe ar oibleagáidí ar faillí éadrom é seachas na cinn sin arna sonrú sna habairtí roimhe seo.
- 9.8.3 Ní bheidh feidhm ag aon teorannú ar dhliteanas i gcás díobhála do bheatha, do cholainn nó do shláinte duine, i dtaca le locht i ndiaidh glacadh leis go raibh cáilíocht an Táirge faoi ráthaíocht agus i dtaca le lochtanna arna gceilt trí chalaois. Ní dhéanfar aon difear do dhliteanas faoi Acht na Gearmáine um Dhliteanas i leith Táirgí.



9.8.4 A mhéid atá ár ndliteanas eisiata nó teoranta, beidh feidhm aige sin le dliteanas pearsanta ár bhfostaithe, ár n-ionadaithe agus ár ngníomhairí ionadacha.

10. IMEACHTAÍ NACH BHFUIL NEART AGAINN ORTHU

10.1 Ní bheimid faoi dhliteanas i leith, ná freagrach as, aon mhainneachtain ná moill maidir le haon cheann dár n-oibleagáidí faoi Chonradh a fheidhmiú, mar gheall ar Theagmhas Nach Bhfuil Smacht Againn Air. Tá sainmhíniú in alt 10.2 thíos ar Theagmhas Nach Bhfuil Smacht Againn Air.

10.2 Is éard is ciall le "**Imeacht Nach bhfuil Neart Againn Air**" ná gníomh nó imeacht nach bhfuil, go réasúnta, neart againn air, agus áirítear orthu sin gan a bheith teoranta dóibh sin stailceanna, frithdhúntaí nó gníomh tionsclaíoch eile ag tríú páirtithe, clampar sibhialta, círeíib, ionradh, ionsaí sceimhleoireachta nó bagairt ionsaithe sceimhleoireachta, cogadh (bíodh sé sin fógartha nó ná bíodh) nó bagairt nó ullmhú i gcomhair cogaidh, dóiteán, pléascadh, stoirm, tuile, crith talún, turnamh, eipidéim paidéim, géarchéim sláinte nó tubaiste nádúrtha eile, nó teip ar na líonraí teileachumarsáide poiblí nó príobháidí, stoc bheith arna ordú ag an miondíoltóir nó moilleanna arb é an miondíoltóir is cúis leo, nó úsáid na mbóithre iarainn, long, aerárthaí, mótar-iompair nó córa eile iompair phoiblí nó phríobháidigh a bheith dodhéanta.

10.3 Má tharlaíonn Imeacht Nach bhfuil Neart Againn Air a théann i gcion ar chomhlíonadh ár n-oibleagáidí faoi Chonradh:

10.3.1 Déanfar teagmháil leat leat a luaithe is féidir go réasúnta chun fógra a thabhairt duit; agus

10.3.2 Cuirfear ár n-oibleagáidí faoi Chonradh ar fionraí agus cuirfear síneadh leis an tréimhse do chomhlíonadh ár n-oibleagáidí i gcaitheamh an Imeachta Nach bhfuil Neart Againn Air. Áit a dtéann an Imeacht Nach bhfuil Neart Againn Air i gcion ar ár seachadadh Táirgí chugat, socróimid dáta nua seachadta leat nuair a bheidh an Imeacht Nach bhfuil Neart Againn Air thart.

10.3.3 Féadann tú Conradh a chur ar ceal atá faoi thionchar Teagmhais Nach bhFuil Aon Neart Againn Air atá fanta ar siúl ar feadh 30 lá ó dháta an ordaithe. Déan teagmháil linn le do thoil chun an cur ar ceal a dhéanamh. Má roghnaíonn tú cur ar ceal, beidh ort aon Táirgí ábhartha a bheidh faighte agat cheana a aiscur, (nuair is infheidhme de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha seo), agus aisíocfaimid an praghas a bheidh íoctha agat, táillí seachadta ar bith san áireamh (áit is infheidhme).

11. EARRAÍ DAINSÉARACHA (CUMHRÁIN AGUS CUMHRACHTAÍ)



- 11.1 Rangaíonn údaráis idirnáisiúnta ar nós UNECE agus Rialúcháin Earraí Dainséaracha IATA Táirgí a bhfuil cumhráin agus cumhrachtaí iontu mar earraí dainséaracha (“Earraí Dainséaracha”) agus ós amhlaidh atá bíonn na hEarraí Dainséaracha seo faoi réir ag riachtanais dhochta seolta. Tá difríocht idir an próiseas casta ar ais d’earraí dainséaracha agus an próiseas casta ar ais d’Earraí nach bhfuil Dainséarach

Maidir le Tomhaltóirí sa Ríocht Aontaithe

- 11.2 Má dhéanann tú an ceannach sa Ríocht Aontaithe agus gur mian leat an chumhracht/na cumhrachtaí nó Earraí Dainséaracha eile a chasadh ar ais, más infheidhme, bíonn gach muirear seolta agus láimhseála réamhíoctha, agus ní bheidh aon íocaíocht le déanamh agatsa ina dhiaidh sin as an tseirbhís casta ar ais. Caithfidh na hEarraí Dainséaracha a chasann tú ar ais bheith i mbail iomlán athindíolta i.e. gan bheith oscailte ná úsáidte, agus caithfidh an pacáistiú bheith gan damáiste.
- 11.3 Chun na hEarraí Dainséaracha agat a chasadh ar ais, is ceart duit logáil isteach inár dTairseach Marsantachta Ar Ais, na hEarraí Dainséaracha a roghnú chun casadh ar ais agus an lipéad casta ar ais a ghiniúint. Tabharfaidh eShopWorld fógra duit nuair a bheidh na hEarraí Dainséaracha a casadh ar ais glactha isteach i saoráid casta ar ais eShopWorld. Scrúdófar na hEarraí Dainséaracha a casadh ar ais i saoráid casta ar ais eShopWorld i gcomhair a dheimhnithe agus aisíocfaimid suimeanna ar bith a bheidh dlite duit. Féadfar asbhaintí a thógáil as aisíocaíochtaí áit a gcuirtear Earraí Dainséaracha dá leithéid ar ais i mbail neamhinghlactha. Mura mbíonn na hEarraí Dainséaracha a bheidh casta ar ais go hiomlán athindíolta nó má bhíonn an pacáistiú damáistithe, forchoimeáidimid an ceart chun aisíocaíocht a dhiúltú.

Maidir le Tomhaltóirí san Aontas Eorpach

- 11.4 Má dhéanann tú an ceannach san Aontas Eorpach (an Ríocht Aontaithe as an áireamh) tabharfaidh eShopWorld lipéad casta ar ais ar líne duit tríd an Tairseach Marsantachta Ar Ais, ar a n-áireofar seoladh casta ar ais infheidhme eShopWorld. Íocfaidh tú gach muirear seolta agus láimhseála ó do sheoladh go dtí seoladh casta ar ais eShopWorld. Caithfidh na hEarraí Dainséaracha atá tú á gcasadh ar ais bheith i mbail iomlán athindíolta i.e. gan bheith oscailte ná úsáidte, agus caithfidh an pacáistiú bheith gan damáiste.
- 11.5 Éilítear ort an t-iompróir a chur ar an eolas go bhfuil cumhrachtaí agus/nó cumhráin sa phacáiste casta ar ais, agus fógrófar é seo duit chomh maith ar an Tairseach Marsantachta Ar Ais. Nuair a bheidh na hEarraí Dainséaracha casta ar ais go dtí seoladh casta ar ais eShopWorld, scrúdóimid na hEarraí Dainséaracha a bheidh casta ar ais agus aisíocfaimid suimeanna ar bith a bheidh dlite duit. Féadfar asbhaintí a thógáil as aisíocaíochtaí áit a gcuirtear Earraí Dainséaracha dá leithéid ar ais i mbail neamhinghlactha. Mura mbíonn na hEarraí Dainséaracha a



bheidh casta ar ais go hiomlán athindíolta nó má bhíonn an pacáistiú damáistithe, forchoimeádaimid an ceart chun aisíocaíocht a dhiúltú.

Maidir le Tomhaltóirí sa tSeapáin

- 11.6 Is ceart duit teagmháil a dhéanamh le seirbhísí tacaíochta custaiméirí eShopWorld ag support@eshopworld.zendesk.com.

Earraí Dainséaracha Lochtacha

- 11.7 Ag éirí as rannán 6.8, chun d'Earraí Dainséaracha damáistithe nó lochtacha a chasadh ar ais, is ceart duit dul i dteagmháil le seirbhísí tacaíochta custaiméirí eShopWorld ag support@eshopworld.zendesk.com.

12. TÁIRGÍ PEARSANTAITHE

- 12.1 Tá cumas eShopWorld chun Ordú pearsantaithe ar bith a chomhlíonadh faoi réir ag infhaighteacht:

12.1.1 an Táirge/stoic; agus

12.1.2 na n-ábhar atá iarrtha /riachtanach.

- 12.2 Féadann aga déantúsaíochta agus/nó aga seolta Táirgí ar bith dá leithéid bheith faoi thionchar sriantaí ar an Táirge nó ar an ábhar.

13. SLÁNAÍOCHT

- 13.1 Slánaíonn tú sinn leis seo, agus geallann tú sinn a choimeád slánaithe, in aghaidh aon chailliúintí, damáistí, costas, dlíteanas agus speansais (ar a n-áirítear gan a bheith teoranta dóibh sin costais dhlíthiúla agus aon suimeanna a bheidh íoctha againne le tríú páirtí mar shocrú ar éileamh nó díospóid ar chomhairle ár gcomhairleoirí dlíthiúla) a bheidh tabhaithe nó fulaingthe againn ag éirí as sárú de do chuidse ar aon fhoráil de na Téarmaí seo, nó ag éirí as aon éileamh go bhfuil tú tar éis aon fhoráil de na Téarmaí seo a shárú.

Maidir le Tomhaltóirí sa Ghearmáin

- 13.2 Ní bheidh feidhm ag an bhforáil slánaithe roimhe seo in alt 13.1 i gcás nach bhfuil tú freagrach as an sárú. Ina theannta sin, ní bheidh feidhm ag an bhforáil slánaithe roimhe seo i gcás nach bhfuil ann ach líomhain gur sháraigh tú foráil sna Téarmaí seo ach nach féidir a shuí go ndearna tú sárú inmhilleáin.

14. SÁRUITHE AR NA TÉARMAÍ ÚSÁIDE SEO

Gan dochar dár gcearta eile faoi na Téarmaí seo, má sháraíonn tú na Téarmaí seo i mbealach ar bith, féadaimid pé bearta a dhéanamh a measaimid a bheith cuí chun déileáil leis an sárú, agus áirítear orthu sin do



rochtain ar an suíomh againn a chur ar fionraí, tú a thoirmeasc ó rochtain a fháil ar an suíomh againn, ríomhairí a úsáideann do sheoladh IP a bhlocáil ó rochtain a fháil ar an suíomh againn, teagmháil a dhéanamh le sholáthraí seirbhíse idirlín chun a iarraidh orthu do rochtain ar an suíomh againn a bhlocáil má cheadaítear agus a mhéid a cheadaítear faoin dlí cosanta sonraí is infheidhme agus/nó imeachtaí cúirte a thabhairt i d'aghaidh.

15. RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ AR LÍNE

15.1 Ceanglaítear le Rialacháin an AE 2015 (Réiteach Díospóidí Ar Líne do Dhíospóidí Tomhaltóirí) (ODR) ar gach trádálaí atá bunaithe san Aontas Eorpach, a ghabhann le conarthaí díolachán nó seirbhíse ar líne, agus ar gach ionad margaidh ar líne atá bunaithe san Aontas Eorpach na nithe seo a chur ar fáil:

15.1.1 nasc leictreonach leis an Ardán ODR atá le fáil ag <http://ec.europa.eu/consumers/odr/>.

15.1.2 Más mian leat dul i dteagmháil go díreach le eShopWorld maidir le do Dhíospóid Ar Líne féadann tú déanamh amhlaidh ag Compliance@eshopworld.com.

Maidir le Tomhaltóirí sa Ghearmáin

15.2 D'fhonn ár n-oibleagáid faisnéise a chomhlíonadh i gcomhréir le hAlt 36 den Acht um Réiteach Malartach Díospóide i gCúrsaí Tomhaltóirí, dearbhaímids leis seo nach bhfuilimid faoi oibleagáid ná toilteanach a bheith rannpháirteach in imeachtaí um réiteach díospóide ag bord eadrána tomhaltóirí.

16. TÉARMAÍ TÁBHACHTACHA EILE

16.1 Féadaimid ár gcearta agus ár n-oibleagáidí faoi Chonradh a aistriú chuig eagraíocht eile, ach ní rachaidh sé seo i gcion ar do chearta ná ar ár n-oibleagáidí faoi na Téarmaí seo.

16.2 Conradh idir tusa is sinne an Conradh seo. Ní bheidh sé de cheart ag aon duine eile téarmaí ar bith dá théarmaí a cur i bhfeidhm.

16.3 Ní úsáidimid d'fhaisnéis phearsanta ach amháin i gcomhréir lenár Ráiteas Príobháideachais. Iarrtar ort an t-am a ghlacadh chun ár Ráiteas Príobháideachais a léamh go cúramach, mar tá téarmaí tábhachtacha ann a bhfuil feidhm acu leatsa. A mhéid a cheadaítear faoin dlí is infheidhme um chosaint sonraí, go háirithe chun críche an Conradh a fheidhmiú, féadfaidh an miondíoltóir d'fhaisnéis phearsanta a úsáid i gcomhréir lena mBeartas Príobháideachais ar leithligh féin atá le fáil ar a láithreán gréasáin.



- 16.4 Tá feidhm go leithleach ag gach aon alt de na Téarmaí seo. Más rud é go gcinneann cúirt nó údarás ábhartha ar bith go bhfuil ceann ar bith díobh neamhdhleathach nó infhorfheidhmithe, beidh feidhm agus fórsa iomlán i gcónaí ag na hailt eile.
- 16.5 Níl sé i gceist, ná ní bhainfear an chiall as aon rud a deirtear nó a luaitear nó a thugtar le tuiscint leis na Téarmaí seo go mbeidh aon cheart, leigheas ná éileamh dlíthiúil nó cothromasach ag aon duine seachas na páirtithe ábhartha faoi nó i leith na dtéarmaí agus coinníollacha seo. Tá sé i gceist go rachadh, agus téann, na Téarmaí seo mar aon leis na ráitis, barántaí, cúnaint, coinníollacha agus forálacha ar fad iontu chun tairbhe go heisiach dúinne, dár gcleamhnaithe agus tú féin agus ní d'aon duine eile.
- 16.6 Más rud é go mainnímid a éileamh go gcomhlíonfaidh tú ceann ar bith de d'oibleagáidí faoi na Téarmaí seo, nó mura bhforfheidhmímid ár gcearta i d'aghaidh, nó má mhoillímid sin a dhéanamh, ní chiallóidh sé sin go mbeidh ár gcearta i d'aghaidh tarscaoilte againn agus ní chiallóidh sé nach mór duit na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.
- 16.7 Nótáil le do thoil gurb é dlí na hÉireann a rialaíonn na Téarmaí seo. Ciallaíonn sé seo gurb é dlí na hÉireann a rialóidh Conradh do cheannach Táirgí trínár suíomh agus a rialóidh aon díospóid nó éileamh ag éirí as nó mar gheall air. Aontaíonn tusa agus sinne araon go mbeidh dlínse neamheisiach ag cúirteanna na hÉireann.
- 16.8 Mar thomhaltóir, bainfidh tú tairbhe as aon fhorálacha éigeantacha i ndlí na tíre ina bhfuil cónaí ort. Ní dhéanfaidh aon rud sna téarmaí agus coinníollacha seo, lena n-áirítear alt 16.7, difear do do chearta mar thomhaltóir chun brath ar fhorálacha éigeantacha den sórt sin sa dlí áitiúil.

Maidir le Tomhaltóirí san Aontas Eorpach

- 16.9 Más tomhaltóir tú a bhfuil gnáthchónaí ort san Aontas Eorpach, baineann tú tairbhe as cosaint na bhforálacha i ndlí na tíre ina bhfuil cónaí ort. Sa chás sin, féadfaidh tú roghnú éilimh a bhaineann leis na Téarmaí seo arna n-eascairt as caighdeáin um chosaint tomhaltóirí a thabhairt in Éirinn agus sa bhallstát den Aontas Eorpach ina bhfuil gnáthchónaí ort.